**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2024)0037

## Athnuachan pháirteach comhalta den Chúirt Iniúchóirí - Iliana Ivanova

### Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2024 maidir le hainmniú Iliana Ivanova mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C10-0123/2024 – 2024/0804(NLE))

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0123/2024),

– ag féachaint do Riail 133 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0018/2024),

A. de bhrí, i litir dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2024, go ndeachaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Iliana Ivanova a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Iliana Ivanova, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí, mar chuid den mheastóireacht sin, go bhfuair an coiste *curriculum vitae* ó Iliana Ivanova, chomh maith lena cuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a bhí curtha chuici;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Iliana Ivanova ina dhiaidh sin an 21 Samhain 2024, éisteacht, ina ndearna sí ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sí ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Iliana Ivanova ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.